CULTÚRLANN
M^cADAM Ó FIAICH



# CLÁR LÚNASA

## LÚNASA PROGRAMME 2023

**IÚIL - LÚNASA 2023**

JULY - AUGUST 2023

LL 23

LIÚ LÚNASA

# FOCAL ÓN STIÚRTHÓIR
# WORD FROM THE DIRECTOR

Tá Slam Filíochta Liú Lúnasa agus Féile an Phobail ar na buaicphointí sa Cheathrú Ghaeltachta an samhradh seo. Tá neart imeachtaí spraíúla, spleodracha againn do na mílte cuairteoirí a thiocfaidh thar tairseach isteach chugainn.

Ní bheidh na páistí díomhaoin óir tá dhá scéim samhraidh againn le Cumann Óige na bhFál i mí Iúil agus Aisling Óg i mí Lúnasa. Ceardaíocht, ceol agus eachtraí iontacha achan lá!

Beidh ceiliúradh againn i gcomhpháirt le Belfast Trad Fest ar cheol na cláirsí ag deireadh mhí Iúil agus táimid ag súil go mór le Laoise Kelly, Úna Monaghan agus cláirseoirí eile nach iad a chluinstin. Ceannaigh do thicéad gan mhoill!

Tá béim ar an drámaíocht an samhradh seo agus seachtain mhór againn le linn Fhéile an Phobail le trí léiriú éagsúla. Cuirfidh Grimes and McKee manifesto grinn fá choinne Éire Nua inár láthair. Déanfaidh an t-aisteoir Nollaig Mac Aoidh seó aonair faoin mhórfhile Patrick Kavanagh, agus beidh 'The Cassandra of Ulster' le Up The Lagan Productions ar stáitse againn chomh maith . Coinnigh súil amach do na pacáistí speisialta a bheas againn – seó agus béile blasta in Bia Loch Lao faoin aon díon amháin.

Buail isteach sna dánlanna leis na taispeántais éagsúla a fheiceáil agus faigh leabhair agus féiríní sa siopa leabhar, An Ceathrú Póilí.

*The Liú Lúnasa Poetry Slam and Féile an Phobail are among the highlights this summer in Belfast's Gaeltacht Quarter. We cannot wait to welcome thousands of visitors from home and further afield and promise a unique and rich cultural experience.*



*Our team is running two summer schools for young culture vultures. Expect art and adventures, trips and tunes, and plenty of fun along the way at the Cumann Óige na bhFál and Aisling Óg schemes.*

*Those of you who can't get enough of traditional music, secure your tickets now for the Belfast Trad Fest concert with harpers Laoise Kelly, Úna Monaghan and more.*

*We shine a spotlight on thespians this summer, with a big week of three unique theatre productions during Féile an Phobail. Grimes and McKee entertain us with a comic manifesto for a New Ireland. Actor Nollaig Mac Aoidh explores the life and work of poet Patrick Kavanagh, while Up the Lagan present us with their production of Laura Morgan's 'The Cassandra of Ulster', based on Bernadette Devlin McAliskey and the events in the Westminster parliament in the wake of Bloody Sunday. Keep an eye out for our special deals and treat yourself to a show and a meal in Bia Loch Lao, all under the one roof.*

*Drop into our art galleries, and while you're here pick up books and gifts in An Ceathrú Póilí bookshop.*

*Finally, a word of thanks to our principal funder, the Arts Council, and to all our funders for their unwavering support in bringing our programme of events to life.*

**Gráinne Ní Ghilín**

# TEACHTAIREACHT ÓNÁR bPRÍOMH-MHAOINITHEOIR
# MESSAGE FROM OUR PRINCIPAL FUNDER

Anseo inár gCeathrú Ghaeltachta féin i mBéal Feirste, beidh go leor le bheith ag súil leis ag titim amach ag Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. Mar sheaimpín na Gaeilge, na n-ealaíon agus cúrsaí cultúrtha, agus mar mhol cruthaitheach a bhíonn beo bríomhar i rith an ama, tá go leor fáthanna ann tú féin a thumadh sa chlár úr seo agus an teach a fhágáil, teacht le chéile agus sult a bhaint as imeachtaí ealaíon

Agus an séasúr seo buailte linn, cuireann muid fáilte ar ais arís roimh ár ngnáthchlár cruthaitheach de sheisiúin cheoil, de thaispeántais agus de ranganna ealaíne. Beidh muid fosta ag súil le filleadh fhéile Liú Lúnasa. I measc na mbuaicphointí eile, beidh trí dhráma nua ar an stáitse le Grimes agus McKee, Nollaig Mac Aoidh agus Laura Morgan, agus dhá thaispeántas ealaíne nua le Jennifer Mehigan agus Petra Dominova.
Mar príomh-mhaoinitheoir trí chistí an Chrannchuir Náisiúnta, tá bród ar an Chomhairle Ealaíon tacaíocht a thabhairt do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich agus í ag leanúint ar aghaidh ag spreagadh, ag soláthar siamsa agus ag tógáil chroíthe an phobail ar a sainstíl féin tríd na healaíona.



*Right here in Belfast's very own Gaeltacht Quarter, there is much to look forward to this summer at Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich. As a champion of Irish language, arts and culture, and an ever-vibrant creative hub, there really are plenty of reasons to immerse yourself in the forthcoming programme and to get out, come together and enjoy arts events.*
*This seasons sees the welcome return of the familiar creative programme of live music sessions, exhibitions and arts classes. We can also all look forward to the return of the Liú Lúnasa festival. The annual fringe festival will feature a range of events, including a Poetry Slam, a two day intensive language course and our concert to bring the festival to a close. Other highlights include three new dramas by Grimes and McKee, Nollaig Mac Aoidh and Laura Morgan, and two new art exhibitions by Jennifer Mehigan and Petra Dominova.*
*As principal funder through our National Lottery funds, the Arts Council is proud to support the Cultúrlann as it continues to inspire, entertain and uplift people, in the ways only the arts can do.*

**Roisín McDonough,**
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
*Chief Executive,*
*Arts Council of Northern Ireland*

# IÚIL | JULY

| Imeacht | Cineál Imeachta | |
|---|---|---|
| **Dillon Award Recipient - Tomas Monteiro**<br>**Chain of Memories**<br>01/06/23 - 27/07/23 | | *Na hAmharc-Ealaíona*<br>*Visual Arts* |
| **Lane Shipsey - Homing**<br>01/06/23 - 28/7/23 | | *Na hAmharc-Ealaíona*<br>*Visual Arts* |
| **Scéim Samhraidh Chumann Óige na bhFál**<br>19/07/23 - 23/07/23 \| 10:00am - 4:00pm | | *Óige \| Youth* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>01/07/23 - 26/08/23 \| 12:00 - 2:00pm | | *Ceol \| Music* |
| **Ceol na mBan**<br>28/07/23 & 25/08/23 \| 12:00 - 2:00pm | | *Ceol \| Music* |
| **Belfast Trad Fest: Féile Chruitirí Bhéal Feirste**<br>26/07/23 \| 7:30 pm | | *Ceol \| Music-* |

## LÚNASA | AUGUST

| Imeacht | Cineál Imeachta |
|---|---|
| **Jennifer Mehigan - 4D mound network**<br>03/08/23 - 21/09/23 | *Na hAmharc-Ealaíona Visual Arts* |
| **Petra Deminova - A thinking forest**<br>03/08/23 - 21/09/23 | *Na hAmharc-Ealaíona Visual Arts* |
| **I, Kavanagh - Nollaig Mac Aoidh**<br>07/08/23 - 1:00pm | *Amharclannaíocht / Theatre* |
| **The Casandra of Ulster - Up the Lagan**<br>08/08/23 \| 7:30pm | *Amharclannaíocht / Theatre* |
| **Grimes & McKee's New Ireland**<br>10/08/23 - 12/08/23 \| 7:30pm | *Amharclannaíocht / Theatre* |
| **Scéim Samhraidh Aisling Óg \| Aisling Óg Summer Scheme**<br>14/08/23 - 18/08/23 \| 10am - 3:00pm | *Óige / Youth* |
| **Cúrsa le Raidió Fáilte**<br>23/08/23 - 26/08/23 \|10am - 12:00pm | *Oideachas / Education* |
| **Liú Lúnasa**<br>25/08/23 - 26/08/23 | *Pobal / Community* |
| **Ceardlann Cheoil agus Ghluaisteachta do pháistí \| Music and Movement Workshop for kids**<br>25/08/23 \| 11:00am | *Óige / Youth* |
| **Slam Filíochta Liú Lúnasa \| Liú Lúnasa Slam Poetry**<br>25/08/23 \| 8:00pm | *Litríocht / Literature* |
| **Ióga Maidine le Dunla \| Morning Yoga with Dunla**<br>26/08/23 \| 8:00am | *Pobal / Community* |
| **Dianchúrsa Liú Lúnasa \| Liú Lúnasa Intensive Course**<br>25/08/23 - 26/08/23 \| 10:00am - 3:00pm | *Oideachas / Education* |
| **Ceolchoirm Liú Lúnasa - Huartan**<br>**Liú Lúnasa Concert - Huartan**<br>26/08/23 \| 8:00pm | *Ceol / Music* |
| **Mela Festival**<br>26/08/23 \| 6:00pm | *Ceol / Music* |




# AN CEATHRÚ PÓILÍ

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge é An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

*An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.*

| | |
|---|---|
| *Uaireanta oscailte:* *Opening Hours* | |
| *Dé Luain - Dé hAoine:* *Mon - Fri:* | |
| 9:30am | 5:30pm |
| *Dé Sathairn:* *Sat:* | |
| 9:30am | 4:00pm |
| *Dé Domhnaigh:* *Sun:* | |
| Druidte \| Closed | |
| 02890 322811 | |
| www.anceathrupoili.com | |



## BIA LOCH LAO

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bia Loch Lao ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bia agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde. Gheobhaidh achan duine a cheannaíonn ticéid d'imeachtaí na Cultúrlainne 15% lacáiste ar bhia. Bígí linn!

*Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Bia Loch Lao is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia Loch Lao offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards. Get 15% off your food if you hold tickets to any of the Cultúrlann events. Come and join us!*

| *Uaireanta oscailte:* *Opening Hours* | |
|---|---|
| *Dé Domhnaigh - Déardaoin* Sun - Thurs: | |
| 9:00AM | 7:00PM |
| *Dé hAoine - Dé Sathairn* Fri - Sat: | |
| 9:00AM | 9:00PM |
| *Cuir glaoch orainn ar \| Call us on* 02890 964184. | |



# SCÉIM SAMHRAIDH
## CHUMANN ÓIGE NA BHFÁL

Seachtain lán de thurais, chraic, spraoi, ealaín agus spórt do Ghaeil óga na bhFál

*A week of trips, craic, fun, art and sport for young Gaels in the Falls area*

17/07/23 - 21/07/23

| 10.00am | 3:00pm |
|---|---|

*Eolas:*

sinead@culturlann.ie

028 9096 4180




## SCÉIM SAMHRAIDH
## AISLING ÓG

Seachtain shultmhar do phaistí óga a thabharfaidh deis dóibh a gcuid scileanna a fhorbairt agus a muinín a ardú trí mheán na drámaíochta, na hamhránaíochta agus an chairdis. Fóirsteanach do pháistí R1- R7.

*An enjoyable week for children to develop their skills and enhance their confidence through drama, singing and friendship. Suitable for children P1 - P7.*

| | |
|---|---|
| 14/08/23 - 18/08/23 | |
| 10:00am | 3:00pm |
| *Eolas:* | |
| sinead@culturlann.ie | |
| 028 9096 4180 | |



# COIRNÉAL AN CHEOIL
## THE MUSIC CORNER

| Gach Satharn \| Every Saturday | |
|---|---|
| 12.00pm | 2:00pm |

Bígí linn gach aon Satharn sa chaifé nuair a sheinntear scoth an cheoil thraidisiúnta ó shárcheoltóirí agus ó sháramhránaithe.

*Join us every Saturday for the best of traditional music with fantastic traditional musicians playing in the cafe.*



## CEOL NA mBAN

Ábhar misnigh dúinn uilig seisiún speisialta na mban a bhíonn againn sa chaifé ar an Aoine dheireanach de gach mí mar aitheantas ar thábhacht, ar thallann agus ar ról na mban in earnáil an cheoil thraidisiúnta.
**Fáilte roimh chách, bualaigí isteach orainn in Bia Loch Lao!**

*As the end of the month draws upon us, we are delighted that on the last Friday of each month, we'll have an all-female-led session in recognition of the importance, the talent and the role of women in the traditional music scene.*
**All welcome, join us at Bia Loch Lao!**

| | |
|---|---|
| *28/07/23* | |
| 12:00pm | 2:00pm |
| *25/08/23* | |
| 12:00pm | 2:00pm |




# BELFAST TRADFEST: FÉILE CHRUITIRÍ BHÉAL FEIRSTE

## Belfast TradFest le Laoise Kelly, Aisling Lyons, Lauren O'Neill, Úna Ní Mhonacháin, Daithí Gormley & Tiarnán Ó Duinnchinn (MC)

IÓcáid cheithre lá, 11 – 14 Iúil 1792, ab ea **'Féile Chruitirí Bhéal Feirste**' nó 'The Belfast Harpers Assembly' mar a thug scríbhneoirí ná linne sin air, a d'eagraigh Preispitéirigh ar bhaill den lucht trádála iad, an Dr. James McDonnell, Robert Bradshaw agus Henry Joy (úinéir an Belfast Newsletter agus uncail Henry Joy McCracken). Ba é an aidhm a bhí leis ná suim a athbheochan i gceol na cruite agus ceol na gcruitirí a bhailiú agus taifead a dhéanamh ar a stíl sheinnte do na glúnta a bhí le teacht. An rud a rabhthas ag súil leis a bheith ina athbheochan, ba slán leis an sean-traidisiún é i ndáiríre. D'fhreastail duine dhéag de chruitirí ar an fhéile. Bhí seachtar acu dall. Bhí an duine ba shine, Denis Hempson (1695 -1807) as Doire, 97 bliain d'aois. B'eisean an t-aon duine acu a bhain úsáid as an stíl ársa agus é ag seinm leis na hingne. Ba é an rud ba thábhachtaí ar fad a tharla ag an fhéile ná gur fostaíodh fear óg as Ard Mhacha darbh ainm Edward Bunting (1773-1843) le ceol na gcruitirí a scríobh síos, agus le nótaí a dhéanamh ar a dteicnící uirlise. Chaith sé an chuid eile dá shaol ag bailiú agus ag caomhnú an cheoil Ghaelaigh. D'fhoilsigh sé trí imleabhar ceoil mar chnuasach, dar teideal 'The Ancient Music of Ireland'.

Anocht, tugann muid aitheantas don imeacht sin agus do bhailiúchán Bunting.

Deirtear gurb í Laoise Kelly an cruitire is suntasaí dá glúin agus gur ceannródaí í maidir le stíl úr chruitireachta uirlise a chur chun cinn – stíl atá le cluinstin ar níos mó ná 70 albam, lena n-áirítear The Chieftains, Seamus Heaney, Christy Moore agus Sharon Shannon.

Is ceoltóir agus cumadóir ó chontae an Chláir í Aisling Lyons a bhfuil go leor gradam buaite aici. Bhain sí Craobh na hÉireann 8 n-uaire, chuaigh sí ar an stáitse go hidirnáisiúnta agus d'oibrigh sí in éineacht le taibheoirí agus ceoltóirí mór le rá ar thionscadail éagsúla.

Agus léirithe ar an stáitse agus cur i láthair ceachtanna déanta aici fud fad na hÉireann agus go hidirnáisiúnta, is cruitire traidisiúnta í Lauren O'Neill a bhfuil an-tóir uirthi.

Is cruitire, cumadóir, taighdeoir agus ealaíontóir fuaime ó Bhéal Feirste í Una Monaghan. Cuimsíonn saothar s'aicise ceol Gaelach atá trialach, traidisiúnta agus tobchumtha chomh maith le leictreonaid bheo.

Deirtear go bhfuil Daithí Gormley ar na boscadóirí dá ghlúin ar an Bhosca Cnaipí. Tá stór mór ceoil aige atá fréamhaithe in oidhreacht cheoil shaibhir a chontae dúchais, Contae Shligigh.

Tá cnuasach mór albam taifeadta ag Tiarnán Ó Duinnchinn ó Chontae Mhuineacháin agus go leor oibre déanta aige ar theilifís, i scannáin agus in amharclanna, chomh maith le seónna agus féilte a dhéanamh ar fud an domhain. Tá obair déanta aige le ceoltóirí éagsúla lena n-áirítear Hazel O'Connor, an racghrúpa Vards ón Danmhairg agus ceoltóirí amhráin Ghaeilge.

***Belfast TradFest:***
***The Belfast Harpers' Festival***

*The Belfast Harp Festival, called by contemporary writers "The Belfast Harpers Assembly", 11–14 July 1792, was a four-day event organised by merchant class Presbyterians Dr. James McDonnell, Robert Bradshaw and Henry Joy, (proprietor of the Belfast News-Letter and uncle to Henry Joy McCracken). Its purpose was to revive an interest in harp music and to collect the music of the harpers and note their style of playing for future generations. What was hoped would be a revival, proved to be a farewell to the old tradition. Eleven harpers attended. Seven were blind. The eldest, Denis Hempson (1695 -1807) from Derry, was 97. He was the only one to use the ancient way of playing with the fingernails. By far the most important thing that happened at the festival was that a young man from Armagh named Edward Bunting (1773-1843), was employed to write down the music of the harpers, and to make notes on their instrumental techniques. He dedicated the rest of his life to collecting and preserving Irish music. He published three volumes of music, collectively known as the Ancient Music of Ireland.*

*Tonight we pay tribute to that event and the Bunting Collection.*

*Laoise Kelly is described as the most significant harper of her generation and has pioneered a new style of driving instrumental harping which can be heard on over 70 albums including The Chieftains, Seamus Heaney, Christy Moore and Sharon Shannon.*

*Aisling Lyons is a multi-award-winning musician and composer from county Clare. She is the holder of 8 All-Ireland titles, has performed internationally and collaborated with distinguished artists and musicians in various projects.*

*Lauren O'Neill is a highly sought-after traditional harper who has performed and taught across Ireland and Internationally.*

*Úna Monaghan is a harper, composer, researcher and sound artist from Belfast. Her work combines experimental, traditional Irish and improvised music and live electronics.*

*Daithí Gormley is regarded as one of the most accomplished Button Accordion players of his generation, he holds an extensive musical repertoire steeped in the rich musical heritage of his native county Sligo.*

*Tiarnán Ó Duinnchinn from Monaghan has an extensive portfolio of albums, TV, film & theatre as well as performing at festivals and concerts worldwide. He has worked with various artists as diverse as Hazel O Connor, Vards, Danish rock singers and Gaelic singers.*

| DÁTA \| DATE | |
|---|---|
| 26/07/23 | 7:30pm |
| £15 | |
| culturlann.ticketsolve.com/shows | |

Belfast Trad Fest



## TOMAS MONTEIRO

## SLABHRA NA GCUIMHNÍ
## CHAIN OF MEMORIES

Sa taispeántas seo, pléifear téamaí an naisc i gcomhthéacs na hintinne agus gnéasachtaí aiteacha. Fiosrófar an ghnéasacht agus an grá tríd an lionsa aiteach agus mar a tharlaíonn naisc agus mar a chruthaíonn daoine aiteacha a dteaghlaigh agus a n-áit chónaithe leo. Fiosraítear an dóigh a gcruthaíonn eispéiris naisc agus mar a dhéantar slabhra níos mó de na naisc seo. De réir mar a chuirtear leis an slabhra, féadann sé pointí níos laige a chruthú. Smaoiním ar chuimhní cinn agus ar m'intinn mar shlabhra cuimhní, idir mhaith agus olc. I saothair a rinne mé san am a chuaigh thart, scrúdaigh mé tráma na mí-úsáide gnéis agus an fhreagairt a bhí ag mo cholainn air sin agus mar a mhúnlaigh an t-eispéireas trámach mé.

Nuair a thosaigh mé a smaoineamh orm féin, ba mhian liom an taispeántas seo a chruthú a léiríonn m'intinn agus an dóigh a mbíonn eispéiris ag daoine a mhúnlaíonn sinn. Le húsáid na ceirmeachta, na fuaime agus meáin eile, bhí mé ábalta seó a chruthú ina léirítear eispéiris éagsúla, maith agus olc araon. Fulaingíonn an chuid is mó de dhaoine aiteacha tráma ar feadh a saoil agus ba mhian liom na mothúcháin sin a léiriú mar eispéiris chrua, láidre. Fiosraítear

i saothar an taispeántais, idir ábhair amhairc agus téacs, na heispéiris, na smaointe agus an tráma sin. Máille lúb a rinneadh de láimh an príomhshaothar, a aistríonn ó chré dhubh go cré bhán agus ina bhfuil 400 nasc.

*This exhibition will talk about the themes of connection in the context of the mind and queer sexualities. This show will explore sexuality and love through the queer lens exploring how connections occur and how queer people create and live with their chosen family. How experiences create links and how these links become a larger chain and as the chain gets larger it can also create weaker points. I think of memories and my mind as a chain, a chain of memories from the good ones to the bad ones. In my past works I explored the trauma of sexual abuse and how my body reacted and how that traumatic experience shaped me.*

*When I started to think about this show I wanted it to represent my mind and how we connect and choose our family and create connections. Using ceramics, audio, and other media, I succeeded in creating a show which reveals various experiences, good and bad. Most queer people experience trauma throughout their lives and I wanted to show those feelings as cruel, powerful experiences. Through visual materials and text, the work in this exhibition explores the experiences and thoughts of that trauma. The main piece of the work is a handmade chain mail containing 400 links that changes from black clay to white clay.*

**Beathaisnéis | Bio**

In go leor den saothar a rinne mé ar na mallaibh, ní hé amháin go scrúdaítear smaointe ealaíontóra óig, aitigh a bhíonn á fhiosrú féin agus a smaointe faoina bheith aiteach ach, lena chois sin, féachtar le ciall a bhaint as eispéiris thrámacha – mí-úsáid mheabhrach, fhisiciúil agus ghnéis – a tharla mar gheall ar an aiteachas. A lán den saothar a rinne mé ar na mallaibh, tá sé bunaithe ar an smaoineamh gur soitheach ceirmeach é an corp agus úsáidtear an péineas le troid in éadan an nós atá ann cruth coirp a thabhairt do nithe. Is iondúil go nglactar leis na soithí a chruthaím mar nithe baineanna agus le cur ina éadan sin, roghnaím an péineas a úsáid leis an inscne a bhronnann an tsochaí ar na soithí a chealú. Tugann taispeántas den chineál seo saothair ardán d'eispéireas na mí-úsáide gnéis. Amach anseo, fiosróidh mé a thuilleadh smaointe ar an ghnéasacht agus ar an áilíos agus mé ag breathnú ar theicnící agus ar shaothair sheanré a rinne ealaíontóirí aiteacha eile.

*A lot of my recent work not only explores the ideas of a young queer artist who is self-exploring ideas of being queer but also tries to make sense at the same time of traumatic experiences – mental, physical and sexual abuse – brought about by being queer. A lot of my recent work works with the ideas of the body as a ceramic vessel and the use of the penis to create and fight the idea of a body shape given to an object. The vessels I create typically seen as feminine and to counteract it, I choose to use the penis object to take away the given gender of the vessels by society. That same type of work also works and showcases the experiences of sexual abuse. My future work will explore more on ideas of sexuality and desire while looking at vintage techniques and vintage works done by other queer artists.*

| 01/06/23 | 27/07/23 |
|---|---|
| Seoladh \| Launch: 01/06/23 \| 7:00pm | |
| *Dánlann Dillon* | |

# LANE SHIPSEY
## HOMING

An gciallaíonn an focal Béarla HOMING (a) baile a chruthú (briathar) nó (b) cur síos ar dhiúracán dírithe ar thargaid (aid.) — agus, mar sin de, an dóigh é le baile a scriosadh?

Sna grianghraif in HOMING, an chéad seó aonair ag Lane Shipsey, cuardaítear na freagraí ar na ceisteanna seo. Tugtar amharc leithleach, pearsanta agus, in amanna, greannmhar ar an bhaile, ar homing agus ar na dóigheanna a smaoinímid ar an bhaile. Rinneadh na grianghraif seo le linn turais agus tairgeann siad turas don bhreathnóir. Le linn an turais, níos mó ceisteanna... Cad é a bhíonn i gceist againn nuair a deir muid go bhfuil muid 'sa bhaile'? Agus cad é mar a mhothaíonn muid nuair a d'fhéadfadh sé gur áit éigin eile é an áit ar a dtugann muid 'an baile'? An bhfuil an freagra ag brath ar an bhreathnóir? Bí linn ag an seó agus scríobh líne i leabhar nótaí HOMING le do fhreagra(í).

*Does the word HOMING (a) mean to make a home (verb) or (b) describe a missile locked on to a target (adj.) — in which case it could be a way to destroy or unmake a home?*
*The photographs in Lane Shipsey's first solo show HOMING seek answers to these questions, taking an idiosyncratic, personal, and occasionally humorous look at home, homing and ways we think about home. These photographs, made on a journey, offer the viewer a journey. Along the way, more questions... What do we mean when we say we feel at home? And what do we feel when the place we live in could easily be someplace else? Is the answer all in the eye of the beholder? Come see the show, and write a line in the HOMING notebook with your answer(s).*




**Beathaisnéis | Bio**
Thosaigh Lane Shipsey ag tarraingt grianghraf agus í ag siúl agus ag teacht chuici féin i ndiaidh gortú. Rinneadh na grianghraif ó dheas, ó thuaidh agus sa Bhreatain. Scríobhann Lane neamhfhicsean agus gearrscéalta fosta. Ceannscríbhinn: ARR-DEP ó HOMING, seó aonair ag Lane Shipsey ag na Ballaí Bána, An Chultúrlann, Bóthar na bhFál, Béal Feirste, 1 Meitheamh-27 Iúil 2023.

*Lane Shipsey began making photos when recovering from an injury and going walking. Photographs were made in the Republic of Ireland, Northern Ireland and Britain. Lane also writes non-fiction and short stories.*

| 01/06/23 | 27/07/23 |
|---|---|
| Seoladh \| Launch: 01/06/23 \| 7:00pm | |
| *Ballaí Bána* | |



# JENNIFER MEHIGAN
## 4D MOUND NETWORK

Is taispeántas aonair é 4D MOUND NETWORK de chuid Jennifer Mehigan, ina ndéantar íomhánna trí úsáid péinte, cártaí grafaice agus intleacht shaorga. Tá sé mar a bheadh dírbheathaisnéis ann, ina dtiteann reiligí, cartlanna, aislingí agus néaróisí isteach ina chéile agus iad ag comhoibriú, trasna amlínte, le mná Éireannacha, nach maireann, le físeanna neamhspleáchas teibí a chruthú. Téann Jennifer siar go dtí an taighde a rinne sí ar mhínealaíona maisiúla sa Bhreatain sa 19ú haois (agus fócas ann ar ghluaiseacht na hEalaíne agus na Ceardaíochta agus ar an Bhráithreachas Réamh-Rafaeilíteach) agus íomhánna a fuarthas le huacht de shaol na hÉireann sa ré chéanna, agus breathnaíonn sí go grinn ar ról an ealaíontóra agus iad ag plé le smaointe faoi áilleacht, cumhacht, glaineacht agus éadairbhe.

*4D MOUND NETWORK is a solo exhibition by Jennifer Mehigan, where images are made using paint, phones, graphics cards, and artificial intelligence. Autobiographical in nature, the show collapses graveyards, archives, daydreams and neuroses into each other, collaborating across timelines with deceased Irish women to create visions of autonomy in abstraction. Pulling largely from her research into British 19th century decorative fine arts (with a focus on the Arts and Crafts movement and the Pre-Raphelite Brotherhood) and the image legacies of life in Ireland across the same century, Meighan examines the artist's role in managing ideas of beauty, power, purity, and futility.*

**Beathaisnéis | Bio**

Ealaíontóir agus taighdeoir í Jennifer Mehigan atá lonnaithe i mBéal Feirste agus i Luimneach. Ina saothar, tig le popchultúr, gothaí péintéireachta, ábharthacht dhigiteach, "mothúcháin phoiblí" (i ndiaidh Ann Cvetcovich) agus litríocht fhéinchuidithe idirghníomhú. Cuireann sé seo ar a cumas a fhiosrú, go minic trí lionsa neamhdhaonna, mar a léirítear cumhacht sa domhan. Ar na taispeántais a bhí aici ar na mallaibh tá Nightbloom Chokehold ag Dánlann Dhubhghlas de hÍde 2 (2022), Creamatorium 2, transmediale, Beirlín (2021) agus Creamatorium, PS Squared, Béal Feirste (2020).

*Jennifer Mehigan is an artist and researcher based between Belfast and Limerick. Her work occupies a space where pop culture, painterly gestures, digital materiality, "public feelings" (after Ann Cvetcovich) and self-help literature can interact, allowing her to investigate, often through a non-human lens, how power manifests in the world. Recent exhibitions include Nightbloom Chokehold at Douglas Hyde Gallery 2 (2022), Crematorium 2, transmediale, Berlin (2021) and Crematorium, PS Squared, Belfast (2020).*

| 03/08/23 | 21/09/23 |
|---|---|
| Seoladh \| Launch: 03/08/23 \| 7:00pm | |
| *Dánlann Dillon* | |



# PETRA DOMINOVA
## A THINKING FOREST

Tá an tsícé neadaithe sa domhan nádúrtha agus cuireann sí an fhírinne nasctha seo i láthair ar bhealach siombalach.

*The psyche is imbedded in the Natural world and communicates symbolically, this interconnected reality.*

Bíonn an intinn beo sa choill.
Tá an spéir fairsing.

*The mind is alive in the forest.*
*The sky is expansive.*

Is ealaíontóir ildisciplíneach í Petra Dominova a oibríonn le péintéireacht, íomhánna gluaiste, ealaín fuaime, ealaín dhigiteach agus suiteáin. Trí úsáid an mhiotais agus na híocónagrafaíochta pearsanta iomasaí, cruthaíonn sí saothar a tharraingíonn aird ar shraitheanna fo-chomhfhiosacha na hintinne, ina dtugtar suntas don siombalachas ina léirítear nasc le haontacht idir an Dúlra agus ár bhfréamhacha agus, ag an am céanna, ina bhfiosraítear smaointe a bhaineann le tuiscint, éicisíceolaíocht agus leis an mhisteachas. Tógann sí saolta atá fite fuaite ina chéile trí fhoirmeacha agus fhigiúrí orgánacha, agus iad báite i réaltacht chomhchoiteann chéadfach. Cruthaítear saothar maorga atá suite i dtimpeallacht thumthach agus a théann go díreach i bhfeidhm ar an lucht féachana. Agus muid ar tí scaradh lenár bhfréamhacha i ré seo na teicneolaíochta, is ann don intinn ársa bhunúsach go fóill i réimse na hinstinne agus na miotas. Leanann an saothar domhan nádúrtha na hintinne a chuireann ar fáil eispéireas níos suibiachtúla. Is ann do na saothair féin i spás tumthach, pearsanta, agus tugtar cuireadh don bhreathnóir tuilleadh a fhiosrú agus domhan dá gcuid féin a chruthu.

Is iarracht é an saothar seo atmaisféar an Dúlra, agus mar a shreabhann sé, a chur i láthair. Síneann sé a rithim isteach i scéal siombalach, in amanna gan chruth, amanna eile casta agus todhchaíoch. Mar an abhainn a nascann achan rud: sruth íomhánna agus fuaimeanna i ngréasán an domhain Nádúrtha agus na sícé, ag cruthú fírinne osréalach, fhairsing.

*Petra Dominova is a multidisciplinary artist working with painting, moving image, sound art, digital art and installation. With the use of myth and personal intuitive iconography, she creates work, that brings attention to the subconscious layers of the psyche, where significance is given to symbolism, depicting a connection to the unity of Nature and our roots, whilst also exploring ideas about consciousness, eco-psychology and mysticism. Building worlds, that are weaved together through organic forms and figures, submerged in a collective sensuous reality. Creating work that is poised in an immersive environment and can be felt directly by the viewer. On the cusp of the divorce from our roots in an age of technology, the primitive mind still existing in the realm of instinct and myth. The work follows the intuitive world of the natural mind, which provides a more subjective experience. The individual works themselves, existing in an immersive, intimate space, inviting the viewer on a further exploration, hosting a world within themselves.*

*The work attempts to capture the atmosphere of Nature, and its flow. Extending its rhythm into a symbolic story, at times formless, other times complex and futuristic. Like a river connecting all. A stream of images and sounds in the network of the Natural world and the psyche, building a surreal, expansive reality.*

**Beathaisnéis | Bio**

Ealaíontóir ildisciplíneach Seiceach í Petra Dominova atá lonnaithe faoi láthair i dTuaisceart na hÉireann. Chuir sí MFA sna Mín-Ealaíona i gcrích ar Ollscoil Uladh, Béal Feirste, in 2019. Níos moille an bhliain chéanna, chuir sí a saothar ar taispeáint ag Gradaim Amharc-Ealaíon RDS ag an RHA i mBaile Átha Cliath. In 2021, bhí dhá thaispeántas aonair aici in Platform Arts & an Black Box, Béal Feirste. Faoi láthair, is ball stiúideo í de Flax Arts, agus a saothar le feiceáil i dtaispeántais aonair agus ghrúpa sa RA agus in Éirinn.

*Petra Dominova is a Czech multidisciplinary artist currently based in Northern Ireland.*
*She has completed her MFA in Fine Art at the Ulster University in Belfast, in 2019. Later that Year, she exhibited her work as part of the RDS Visual Art Awards at the RHA in Dublin. In 2021, she had two solo Exhibitions in Platform Arts & the Black Box, Belfast. She is currently a studio member of Flax Arts Studios, and has been exhibiting her work in Solo and group Exhibitions in the UK & Ireland.*

| 03/08/23 | 21/09/23 |
|---|---|
| Seoladh \| Launch: 03/08/23 \| 7:00pm | |
| *Ballaí Bána* | |



## NOLLAIG MAC AOIDH
## – I, KAVANAGH

D'fhás Patrick Kavanagh (1904-1967) aníos i Mucair, Inis Caoin, Contae Mhuineacháin. D'fhág sé an scoil nuair a bhí sé trí bliana déag d'aois le cuidiú ar fheirm na clainne agus le ceird an ghréasaí a fhoghlaim óna athair. Mar a dúirt sé é féin, 'go minic, thug mé iarraidh ar fhocail agus ar an véarsaíocht go dtí gur tháinig siad le bheith ar bhun agus barr mo shaoil.' In 1939, bhog sé go Baile Átha Cliath lena shaol a chaitheamh mar scríbhneoir. Rinne go leor daoine beag den 'Bard tuathánach' mar phótaire díomasach, garbh, trodach, ach léiríonn a chuid saothair spioradáltacht dhomhain agus nádúr lách. Ní aithris é 'I Kavanagh' – atá bunaithe ar a chuid scríbhneoireachta féin – ach imscrúdú ar a shaol agus ar a fhís fhileata uathúil.


*Patrick Kavanagh (1904-1967) grew up in Mucker, Inniskeen, Co. Monaghan. He left school at 13 to help on the home farm and learn the cobbler trade from his father. As he wrote himself , he ' innocently dabbled in words and rhymes and it became his life.' In 1939 he move to Dublin to become a full time writer. Many dismissed the 'peasant Bard' as a vain, uncouth, aggressive drunk, yet his work reveals a deep spirituality and sensitive nature. 'I, Kavanagh' - compiled from his own writings- is not an impersonation of the man, but rather an exploration of his life and unique poetic vision.*

07/08/23

1:00pm

Costas: £7

culturlann.ticketsolve.com//shows/


THE CASSANDRA
OF ULSTER
AUG 8TH
7:30 PM
CULTÚRLANN
BELFAST
DEVELOPED AS PART OF
SCENE + HEARD
AN UP THE LAGAN PRODUCTION
WRITTEN AND DIRECTED BY LAURA MORGAN
STARRING MAEVE SMYTH
CHRISTINA NELSON & STEPHEN BEGGS
WWW.EVENTBRITE.CO.UK/E/660967360167

## UP THE LAGAN PRODUCTIONS
# THE CASSANDRA OF ULSTER

Is dráma nua le Laura Morgan é The Cassandra of Ulster. Cuireadh ar an stáitse é, arna stiúradh ag Laura Morgan agus arna léiriú ag Maeve O'Lynn, ag Smock Alley, Baile Átha Cliath, mar chuid d'Fhéile Scene + Heard ar an 18 agus 19 Feabhra 2023.

Tá scrúdú á dhéanamh ag Cassandra Uladh ar na himeachtaí a tharla i ndiaidh Dhomhnach na Fola agus ar iarmhairtí na tragóide sin do mhuintir Uladh. Ag baint úsáide as téatar focal ar fhocal le cór Gréagach (Ultach) a bhíonn ag déanamh trácht ar chúrsaí i rith an ama, leanann an tragóid seo Bernadette Devlin McAliskey agus í ina suí i dTeach na dTeachtaí in Westminster an lá dár gcionn – an t-aon bhall den tionól sin a bhí ina finné súl ar na himeachtaí uafásacha a thit amach i nDoire an lá roimhe.
Is iad Maeve Smyth, Stephen Beggs agus Christina Nelson an triúr aisteoirí agus déantóirí téatair, a bhfuil ardmholadh tuillte acu astu féin.
"Nuair a cuireadh Bernadette Devlin ina tost, ba ghníomh é sin a raibh iarmhairtí tubaisteacha aige. Tá an t-aicsean suite agam san aimsir láithreach, chun lionsa bog na staire a bhaint de, lena chur in iúl nár leigheas imeacht ama tráma an lae sin." Laura Morgan.

*The Cassandra of Ulster, a new play written and directed by Laura Morgan, produced by Maeve O'Lynn was performed at Smock Alley, Dublin as part of the Scene + Heard Festival on the 18th and 19th February 2023.*
*The Cassandra of Ulster is an examination of the events after Bloody Sunday and its consequences for the people of Ulster. Using verbatim theatre with a Greek(Ulster) chorus commenting throughout, this tragedy follows Bernadette Devlin McAliskey as she takes her seat in the House of Commons - the only member who was an eyewitness to the horrific events the previous day.*
*The stellar cast is made up of Maeve Smyth, Stephen Beggs and Christina Nelson, all three highly acclaimed actors and theatre makers in their own right.*
*'The silencing of Bernadette Devlin is an event in our history that had disastrous consequences. I have put the action in the present tense, to remove the softening lens of history, revealing the unhealed trauma of Ulster.' Laura Morgan.*

08/08/23

7:30pm

*Eolas:*

*Laura@upthelagan.com*

*028 9096 4180*

www.eventbrite.co.uk




## ÉIRE NUA LE GRIMES AGUS MCKEE

### Forógra leathdháiríre d'Éirinn Nua

## GRIMES & MCKEE'S NEW IRELAND

### A comic manifesto for a new Ireland.

Ní amháin an scéal mór bunreachtúil – ach na rudaí fíorthábhachtacha chomh maith. Bratach náisiúnta nua? Béile náisiúnta nua? Madadh náisiúnta? Cé a bheas sa chathaoir ag na cainteanna idir Tayto agus an Saor Stayto? Coinnigh guaim ort féin, beidh do threoraithe neamhoilte Grimes agus McKee ann le bealach chun tosaigh a phleanáil dúinne uilig. Mar a dúirt an tÉireannach mór le rá eile sin, Bob Marley – tá achan uile rud ag dul a bheith go breá.

*Not just the big constitutional stuff -the really important stuff too. A new national flag? Our new national dish? Our national dog? Who will chair the peace talks between Tayto and Free Stayto? Don't panic, your inexpert guides Grimes and McKee will plot a way forward for all. As that other great Irishman Bob Marley once said, everything little thing's gonna be alright.*

10/08/23 - 12/08/23

7:30pm

Costas: £12

*culturlann.ticketsolve.com/ticketbooth/shows/*




# CÚRSA PODCHRAOLTA
## LE RAIDIÓ FÁILTE

An bhfuil suim agat tús a chur le do phodchraoladh féin agus scileanna taifeadta a fhoghlaim ag an am chéanna? Beidh Raidió Fáilte ag eagrú sraith de cheardlanna podchraolta le linn Liú Lúnasa 2023. Bí linn in Áras Raidió Fáilte, 30 Sráid Dhubhaise, Béal Feirste ar an Chéadaoin 23, Déardaoin 24 agus Aoine 25 Lúnasa, 10am-12:30pm, le bheith ag foghlaim faoin dóigh le podchraoladh a dhéanamh. Le linn an chúrsa beidh muid ag amharc ar cad is podchraoladh ann, an trealamh atá de dhíth, an dóigh le podchraoladh a thaifeadadh agus a eagrú, úsáid micreafón agus an bealach le do phodchraoladh a fhoilsiú ar líne. Ag deireadh gach seisiún traenála beidh muid ag taifeadadh podchraoladh nua agus téamaí te teolaí atá i mbéal an phobail i láthair na huaire á bplé iontu. Le haghaidh níos mó eolais bí i dteagmháil le traenail@raidiofailte.comnó cuir glaoch ar 02890310013. Le tacaíocht ón Chiste Craoltóireachta Gaeilge de chuid Scáileán Thuaisceart Éireann.

| | |
|---|---|
| 23/08/23 | |
| 10:00am | 12:00pm |
| 26/08/23 | |
| 10:00am | 12:00pm |



# CIORCAL LÉITHEOIREACHTA
# READING CIRCLE

An maith leat a bheith ag léamh leabhair Ghaeilge? Ar mhaith leat bualadh le daoine agus dreas comhrá a dhéanamh ar leabhair? Más é sin an cás, déan teagmháil le Sinéad le clárú. Fáilte roimh achan duine.

*Do you like to read? Would you like to meet other people and chat about books? If so, contact Sinéad to register. All welcome.*

Eolas | Info: Sinead@culturlann.ie



CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

LL 23

LIÚ LÚNASA

**Don ochtú bliain déag as a chéile reáchtálfar an fhéile chultúr ar an imeall 'Liú Lúnasa'. Bígí linn do réimse imeachtaí ar nós an Slam Filíochta, Ióga Maidine agus ceolchoirm thar a bheith speisialta chomh maith le himeachtaí i gcomhar lenár gcomhpháirtithe fud fad na Ceathrún Gaeltachta agus níos faide i gcéin.**

*For the eighth year in a row we will be running the fringe-culture festival 'Liú Lúnasa'. Join us for a range of events including a Poetry Slam, Morning Yoga, and a very special concert here in the Cultúrlann, not to mention the range of activities hosted by our partners all across the Gaeltacht Quarter and further afield.*

**25/08/23 - 26/08/23**





## DIANCHÚRSA GAEILGE

## INTENSIVE COURSE

Mar chuid de Liú Lúnasa, tá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ag reáchtáil Dianchúrsa Gaeilge. Is bealach iontach é dianchúrsa le cur go mór le do chuid scileanna teanga taobh istigh de thréimhse ghairid ama. Cúrsa spreagúil lán eolais a bheidh ann agus bíodh geall go gcothóidh an cúrsa seo muinín ionat do chumas sa Ghaeilge a thabhairt go leibhéal eile. Tá táille £30 ar an chúrsa. Beidh na leibhéil seo a leanas ar fáil: Bunrang – Meánrang – Rang Comhrá

*As part of Liú Lúnasa, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich is running an Irish Language Intensive Course. Intensive courses are a great way to boost your language skills in a short space of time. The course will be both motivating and informative and will take your confidence in the Irish language to another level. There is a fee of £30 for the course. The levels we have are: Beginners – Intermediate – Conversational Class*

| 25 - 26 Lúnasa | |
|---|---|
| 11:00am | 2:00pm |
| *Cláraigh \| Register:* | |
| *culturlann.ticketsolve.com/shows* | |




## CEARDLANN CHEOIL AGUS GHLUAISEACHTA
## MUSIC AND MOVEMENT WORKSHOP

Is ceardlann álainn í seo atá dírithe ar pháistí 0-6 bliana d'aois a chuimsíonn gníomhaíochtaí ceoil agus gluaiseachta a chuideoidh lena bhforbairt fhisiciúil agus a gcuid scileanna éisteachta agus cruthaitheachta atá lárnach do shealbhú teanga agus cumarsáide. Cuideoidh an cheardlann seo le fuinneamh na bpáistí a spreagadh agus féadfaidh sé páistí ciúine a spreagadh chun an chúthaileacht a chur díobh.

*This is a beautiful workshop designed for children between 0 - 6 years of age and encompasses music and movement activities which will help their physical development, their creative and listening skills which are vital for learning language and communication. This workshop can help them work off energy and it can encourage quiet children to come out of their shell.*

25/08/23

11:00am

Saorchead | Free

*Cláraigh | Register:*

*culturlann.ticketsolve.com/shows*




## SLAM FILÍOCHTA
## LIÚ LÚNASA

Tá cáil ar Shlam Filíochta Liú Lúnasa mar an aon chomórtas slam filíochta trí Ghaeilge sa tír agus tá muid ar bís go mbeidh muid ábalta fáilte a chur roimh fhilí agus eile a bheith ar ais linn faoi dhíon na Cultúrlainne d'oíche mhór filíochta agus sibh san iomaíocht do dhuaischiste £800. Beidh Sinéad Ní Uallacháin linn mar óstach. Téigí i mbun cumadóireachta!

*Liú Lúnasa's Poetry Slam is renowned as the only Irish language slam poetry competition and this year we are delighted welcome all entries to perform in the Cultúrlann. Sinéad Ní Uallacháin will join us as host where you will be competing for a prize fund of £800. Get writing!*

| |
|---|
| 25/08/23 |
| 08:00pm |
| Táille Iontrála \| Entry Fee: £5 |
| *culturlann.ticketsolve.com/shows* |




## IÓGA MAIDINE LE DUNLA
## MORNING YOGA WITH DUNLA

Bí linn don rang faoi leith seo mar chuid de Liú Lúnasa. Breathnaíonn an rang seo ar éagsúlachtaí struchtúir, feasachta, análaithe agus gluaiseachta. Tá sé fóirsteanach do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon. Fáilte roimh chách. Cuirfear mataí ióga ar fáil agus beidh bricfeasta éadrom ar fáil i ndiaidh an ranga.

*Join us for this one of yoga morning as part of Liú Lúnasa. This bilingual (Irish and English) class will explore different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level. Everyone welcome. Yoga mats provided and we will have a light breakfast after.*

26/08/23

08:00am

Costas: £5

*Cláraigh | Register:*

*culturlann.ticketsolve.com/shows*



## MELA FESTIVAL

Tá muid ar bís go mbeidh Liú Lúnasa i lár an aonaigh againn i mbliana ag an fhéile cháiliúil ealaíon agus chultúir Belfast MELA! Agus iad ag déanamh ceiliúradh ar achan ghné den chultúr, beidh Belfast MELA agus Liú Lúnasa ag teacht le chéile chun go mbeidh an fhéile níos gnóthaí agus níos fearr ná a bhí riamh mar beidh muid ag cur ról don Ghaeilge sna himeachtaí chun cinn inár bpuball Gaeltachta féin.

Ceiliúradh d'achan rud Gaelach a bheas ann, lena n-áirítear taispeántas de cheol traidisiúnta, litríocht, craoladh beo le Raidió Fáilte, damhsa céilí, cur i láthair ar an pheil Ghaelach le Laochra Loch Lao, agus go leor, leor eile!

Beidh an t-imeacht seo ann ar feadh lá iomlán agus riarfaidh sé ar gach aoisghrúpa, mar sin de déan cinnte go mbeidh tú linn agus ná caill an chraic!

*We are ecstatic to be bringing Liú Lúnasa to the forefront of the renowned arts and cultural festival, Belfast MELA this year*

*A true celebration of all things culture, Belfast MELA and Liú Lúnasa have partnered to make it bigger and better than ever and we will be promoting a role for t he Irish language in our very own Gaeltacht Tent!.*

*This will be a celebration of all things Gaelic, with a display of traditional music, literature, live broadcasting from Raidió Fáilte, céilí dancing, an introduction to Gaelic football from Laochra Loch Lao and much more!*

*This is an all-day event and will cater for all age ranges, so make sure to call down and don't miss the craic.*

**26/08/23 | 12:00 - 6:00pm**

*belfastmela.org.uk*



## CEOLCHOIRM LIÚ LÚNASA: HUARTAN

An grúpa ardiomrá Huartán a chuirfidh críoch lenár bhféile i mbliana. Tá Stiofán Ó Luachráin, Caitríona Ní Ghribín agus Múlú (Miadhluaghan O'Donnell) i ndiaidh roinnt amhrán sean-nóis a roghnú agus a athmhúnlú le seó draíochtúil leictreonach a chruthú atá i ndiaidh taisteal thart ar fhéilte fud fad na tíre an samhradh seo. Aíonna speisialta le fógairt.

*Join us as we close the festival with Huartan. Stiofan Ó Luachráin, Caitríona Ní Ghribín agus Múlú (Miadhluaghan O'Donnell) have taken these sean-nós songs and remixed them to create a magical electronic show that has earned them bookings at festivals all over the country this summer. Special guests to be announced.*

26/08/23

8:00pm

£5

*culturlann.ticketsolve.com/shows*

## NA MEÁIN SHÓISIALTA
## SOCIAL MEDIA

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta atá againn faoi láthair. Tabhair 'like' dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh sibh an réimse siamsaíochta a chuireann muid ar fáil.

We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced to keep you entertained.

Instagram - @anchulturlann
Twitter - @AnChulturlann
Tiktok - @anchulturlann
Facebook - anchulturlann
Youtube - anchulturlann
Linktree - anchulturlann
Website - www.culturlann.ie

CULTÚRLANN
MᶜADAM Ó FIAICH


GAELTACHT X
107.1 fm Raidió Fáilte
Conradh na Gaeilge

arts council
Arts Council of Northern Ireland
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Airts Cooncil o Norlin Airlann
CISTE OIDHREACHTA HERITAGE FUND
Foras na Gaeilge
Comhairle Chathair Bhéal Feirste
An Roinn Pobal
FUTURE SCREENS NI